Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2011



Líonra Bóithre an NRA: 2011



Clár Ábhar

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh		iv
Réamhrá an Chathaoirligh		v
Caibidil 1:	Oibríochtaí Líonra	1
Caibidil 2:	Cothabháil agus Feabhsúcháin an Líonra	5
Caibidil 3:	Pleanáil agus Beartas Straitéiseach	9
Caibidil 4:	Faisnéis faoin Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	15
Iniúchadh agus an Coiste Iniúchta		20
Bord an Údaráis um Bóithre Náisiúnta		40

Réamhrá an Chathaoirligh

B'ann do mhórdhúshláin roimh Éirinn le dhá mhí dhéag anuas, ach is tábhachtach a aithint go leanann na fir agus na mná a oibríonn ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta, i gcomhar le fostaithe den údarás áitiúil agus an pobal príobháideach conraitheoireachta, lena gcomhneart a dhíriú ar líonra náisiúnta bóithre a sheachadadh, a chothabháil agus a fheabhsú.

Glacann an tÚdarás leis na teorainneacha reatha cistithe agus fanann ár ndíriú go fóill ar an infheistíocht a rinne an cáiníocóir Éireannach, ár gcomhpháirtithe AE agus an pobal príobháideach infheistíochta trínár líonra náisiúnta bóithre a chothabháil agus toradh ar an infheistíocht le linn a saolré a chinntiú dá bharr.

Le linn 2011, thosaíomar ag oibriú ar shé scéim nua a fheabhsóidh gluaiseacht áitiúil agus réigiúnach tráchta, mar aon le scéimeanna iomadúla um shábháilteacht ar bhóithre idir athlínithe bóthair agus fheabhsúcháin acomhail. Sa bhliain amach romhainn, táimid ag dréim le tús a chur le hoibreacha ar Sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín, ar N11 an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi/N7 Chrois an Fhearainn Nua/Limistéar Seirbhíse Ghuaire agus ar scéimeanna breise um shábháilteacht ar bhóithre ar fud na tíre.

Mar is gnách, ba mhian liom buíochas a ghabháil le mo Chomhbhaill den Bhord, mo chomhgleacaithe a oibríonn san Údarás, Fred Barry, ár POF, Oifigí Réigiúnacha Dearaidh na mBóithre Náisiúnta, foireann an údaráis áitiúil, an pearsanra sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Leo Varadkar, T.D. Is trína gcomhiarrachtaí a leanfaimid ar aghaidh ag feabhsú líonra náisiúnta bóithre na hÉireann.

An tUasal Peter Malone
Cathaoirleach
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Gan amhras, ba é an laghdú ar an líon básanna de bharr timpistí tráchta a bhí ina bhuaicphointe den bhliain 2011, bliain inar cuireadh i gcuntas an líon ba lú básanna riamh. Chuir na feabhsúcháin a rinneadh ar an líonra náisiúnta bóithre le blianta beaga anuas go rí-mhór leis an laghdú seo. Leagann trasuíomh na Treorach ón AE maidir le Bainistíocht Sábháilteachta Bonneagar Bóithre a rinneadh le déanaí isteach i ndlí na hÉireann breis cúraimí ar an Údaras maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus ba cheart go n-eascróidh breis feabhsúchán ar shábháilteacht amach anseo as seo.

Tá oibríochtaí agus cothabháil an mhótarbhealaigh, ar tugadh faoin gcuid is mó den obair i dtimpeallacht trácht ardluais agus ardtoirte, an-dúshlánach agus teastaíonn scileanna speisialta uathu. Bhain an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla comhaontú amach go nglacfaidh an tÚdarás, ó 2012 ar aghaidh, leis an bhfreagracht as an uile ghníomhaíocht chothabhála, athnuachana agus oibríochtúil ar líonra an mhótarbhealaigh. Céim mhór is ea seo don Údarás, ach ba cheart go n-eascróidh comhsheasmhacht chaighdeán go náisiúnta agus an luach is fearr ar airgead as trí thairiscint iomaíoch.

Laghdaíodh an cistiú ar a raibh fáil leis an líonra bóithre náisiúnta a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú le blianta beaga anuas. Dá ainneoin sin, beimid ag tabhairt faoi na céadta feabhsúchán beag agus meánach in 2012, agus faoi líon scéimeanna móra, freisin, go deimhin. Tá gníomhaíochtaí pleanála curtha siar againn, áfach, i dtaca le tromlach na scéimeanna nua go dtí an tráth a thiocfaidh feabhas ar chúrsaí cistithe.

Laghdaíodh an líon foirne faoi 40% san Údarás agus inár n-oifigí réigiúnacha, ina n-oibríonn pearsanra den údarás áitiúil go príomha, le blianta beaga anuas, in ainneoin an bhorrtha ar ghníomhaíochtaí oibríochtaí líonra. Ba mhian liom an meon an-dearfach a chothaigh ár bhfoireann a aithint, mar aon lena gcomhoibriú agus a solúbthacht faoi na cúinsí reatha dúshlánacha.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Leo Varadkar, an Roinn, Bord an NRA, agus go háirithe dár gCathaoirleach, an tUasal Peter Malone, as ucht a gcomhairle agus a dtacaíochta le linn na bliana. Tá feidhm lárnach ag an dlúthchaidreamh oibre leis na húdaráis áitiúla i dtaca lenár gcumas chun tabhairt faoi obair, agus ba mhian liom an cur chuige bisiúil a aithint a ghlac siad i leith ár gcomhdhúshlán. Ar deireadh thiar, déanaimid go leor dár n-obair a sheachfhoinsiú, agus ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an iomaí soláthraí seirbhíse agus conraitheoir ag a mbíonn feidhm fhíor-lárnach inár ngnó.

An tUasal Fred Barry
Príomhfheidhmeannach
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

CAUTION
MAJOR ROADWORKS
AHEAD

Caibidil 1

Oibríochtaí Líonra

An tIonad Rialaithe Tráchta

Chuir Ionad Rialaithe Tráchta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, atá lonnaithe ag Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, tús le hoibríochtaí in 2011. Is é a phríomhchuspóir monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tráchta agus úsáideoirí bóithre a chur ar an eolas faoi imeachtaí trí Chomharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha (VMS) a d'fhéadfadh tionchar a imirt orthu. Cuireann seo ar chumas na dtiománaithe na cinntí cuí taistil a dhéanamh.

Sa mhullach air sin, oibríonn an tIonad Rialaithe Tráchta go díreach leis na húdaráis áitiúla chuí i gcás cur isteach tromchúiseach ar an líonra. Déanann an tIonad Rialaithe monatóireacht ar thrácht ar an M50 agus ar na bóithre mórthimpeall a thagann faoina dhéin ón líon náisiúnta bóithre, mar aon le Tollán Chalafort bhaile Átha Cliath agus Tollán Jack Lynch. Ina theannta sin, téann an tIonad Rialaithe Tráchta dteagmháil le hoibreoir príobháideach Thollán Luimnigh.

Sa mhullach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thrácht, dhéileáil an tIonad Rialaithe Tráchta le glaoanna ó 1,300 guthán freagartha éigeandála. Is gnách go bhfaightear breis agus 250 glao éigeandála gach mí ó úsáideoirí bóithre, a théann sa tóir ar chúnamh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear imbhualadh feithicle, cliseadh, an breosla go léir arna úsáid a thuairisciú agus le treoracha a fháil. Tá gach guthán ar an líonra geo-thagartha ionas gur féidir leis an oibreoir suíomh díreach an ghutháin feadh an bhealaigh a shainaithint, lena n-áirítear treo an taistil, gníomh a chabhraíonn don oibreoir suíomh cruinn a thabhairt don ghlaoiteoir agus, más gá, do na seirbhísí éigeandála.

I measc an trealaimh a úsáidtear tá VMS leictreonach, Ceamaraí Teilifís Chiorcaid Iata (CCTV) agus ceamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR). Faoi láthair, is ann do 87 comhartha VMS ar an iomlán, mar aon le 67 ceamara CCTV agus 140 ceamara ANPR sa líonra.

Le teacht ar bhreis faisnéise ar Sheirbhísí um Fhaisnéis Taistil, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Údaráis ag *www.nratraffic.ie*.

Limistéir Sheirbhíse

Osclaíodh limistéir sheirbhíse ag trí láthair ar líonra an mhótarbhealaigh in 2010.

Ghlac an pobal go dearfach leis na háiseanna nua seo le linn 2011 atá suite ag Lusca agus ag Baile an Ghearlánaigh ar an M1 agus ag an mBóthar Buí ar an M1. Cuireann na seirbhísí seo leis an tsábháilteacht trí limistéir mhaithe inrochtana scíthe a chur ar fáil do thiománaithe feithiclí tráchtála, busanna agus gluaisteán, mar aon le seirbhísí bunriachtanacha a chur ar fáil don phobal atá ag taisteal.

Ina theannta sin, le linn 2011, thug an tÚdarás chun críche comharthaí faisnéise (donna) a chur suas ar fud líonra an mhótarbhealaigh a dhéanann áiseanna peitril agus seirbhíse amach ón mótarbhealach a chur in iúl atá laistigh de chiliméadar amháin ó acomhail. In 2012, cuirfidh an tÚdarás tús le forbairt trí limistéar bhreise seirbhíse ar an M6 (Baile Átha Luain), an M9 (Cill Chuillinn agus an M11 (Guaire).

Oibríochtaí Dolaí

Tá an tÚdarás freagrach go díreach as oibríochtaí dolaí: córas dolaí eFlow an M50 gan bhacainn agus córas bacainne Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Tá ocht n-oibríocht bhreise dolaí lonnaithe ar fud an líonra a dhéanann cuideachtaí príobháideacha a oibriú. Anuas air sin, tá an tÚdarás freagrach as na córais agus an bonneagar a chur ar fáil agus a bhainistiú a éascaíonn dolaí náisiúnta, mar aon le hidir-infheidhmeacht, a éascaíonn clibeanna leictreonacha ó chuideachtaí difriúla a úsáid ar bhóithre dolaí ar fud na tíre. In 2011, rinne an córas idir-infheidhmeachta thart ar 35 milliún idirbheartaíocht.

Thugamar isteach idir-infheidhmeacht idir dola-phláis agus soláthróirí clibeanna leictreonacha roinnt blianta ó shin, d'fhonn nach mbíonn gá ag an bpobal ach clib amháin a bheith acu lena húsáid ar aon bhóthar dolaí, agus go bhfaigheann úsáideoirí bille singil comhdhlúthaithe cé go bhféadfadh go mbeadh airgead le híoc acu le roinnt oibreoirí dolaí. Tá an AE meáite ar áiseanna dá samhail a chur ar fáil d'úsáideoirí bóithre ar fud na hEorpa, agus is ann d'iarracht chomhbheartaithe ó Choimisiún na hEorpa fíor-dhul chun cinn a dhéanamh leis an gcoincheap seo a chur chun cinn. Beidh seirbhísí idir-infheidhmeachta á n-atairiscint ag an Údarás i mbliana agus cuirfear san áireamh an fheidhmiúlacht bhreise le tacú le cuspóirí an Choimisiúin.

Tá eFlow lonnaithe ar an M50 (idir Acomhail 6 agus 7). Is córas leictreonach gan bhacainn é a cuireadh in ionad chóras bacainn dola Westlink in 2008. Chruthaigh an oibríocht dolaí gan bhacainn mórthairbhí geilleagracha agus comhshaoil – amanna aistir a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, astuithe a ísliú agus cabhrú le coigiltí costais ar chostais iompair feadh chonair an M50.

Tháinig borradh tréan leantach ar an trácht le 108,200 feithicil ar an meán ag baint leasa as stráice dolaí mhótarbhealach an M50 le linn 2011.

Is ionann seo agus thart ar thrí mhilliún

idirbheartaíocht dolaí in aghaidh na míosa agus léiríonn sé méadú de thart ar 8% ar leibhéil tráchta 2010.

Leanann Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath le seirbhís thábhachtach a chur ar fáil trí mhéid suntasach d'Fheithiclí Earraí Troma (HGVanna) a bhaint ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus rochtain dhíreach a éascú ar líonra an mhótarbhealaigh. Ina theannta sin, cuireann an tollán pointe breise rochtana ar fáil d'fheithiclí paisinéirí chuig lár na cathrach agus amach uaidh. Rinneadh cúig mhilliún turas, ar an iomlán, trí Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath in 2011, atá roinnte go cothrom idir HGVanna agus feithiclí paisinéirí. Níl aon táillí ar HGVanna, ach tá ar fheithiclí neamhHGV íoc as táille dhola €3 (tréimhsí beagéilimh) agus €10 (tréimhsí móréilimh): idir 06:00 agus 10:00 ó theas agus idir 16:00 agus 19:00 ó thuaidh, i rith na seachtaine, gan saoirí poiblí a áireamh). Níor tháinig athrú ar na dolaí seo ón 1 Eanáir 2010 agus ní athrófar iad le linn 2012.

Seirbhísí Geimhridh

Chuir an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta seirbhís gheimhridh ar fáil chun tacú le húdaráis áitiúla ó bunaíodh iad i 1994. Rinne an tÚdarás líonra de stáisiúin aimsire a shuiteáil thart ar an líonra náisiúnta bóithre leis an aimsir a thomhas, lena n-áirítear aertheocht, bogthaise, clúdach scamall, báisteach, teocht dhromchla an bhóthair agus staid dhromchla an bhóthair. Sa mhullach air sin, chuir an tÚdarás an Córas Faisnéis Aimsire ar na Bóithre (IceNet) i bhfeidhm le cabhrú le húdaráis áitiúla cinntí a dhéanamh maidir le cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn cóireáil ó na bóithre.

Lean an tÚdarás le húsáid stáisiún aimsire ar fud an líonra in 2011. Is ann anois do 70 stáisiún aimsire ar an líonra náisiúnta bóíthre, ar méadú 15 stáisiún é seo 2009. ó bhí 2009 ann. Ina theannta sin, shuiteáil an tÚdarás 54 ceamara infridhearg le monatóireacht a dhéanamh ar an teocht ag an uile stáisiún leathanbhanda-chumasaithe, cuireann iad seo íomhánna ar a ndéantar nuashonrú uathoibríoch ar fáil gach 10 nóiméad. Chuir an tÚdarás íomhánna na gceamaraí ar fáil lena bhfeiceáil ar a láithreán gréasáin *(www.nratraffic.ie)*.

I ndiaidh fhoilsiú *Towards Integrated Emergency Management - A Report on the Review of the Response to Exceptional Severe Weather Events of 2009–2010* in 2011 ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistiú Dóiteáin agus Éigeandála, iarradh ar an Údarás lámh chúnta a thabhairt in éadáil soláthairtí builc de shalainn don líonra bóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus freisin do bhóithre náisiúnta. Sa mhullach ar sholáthar agus bulcstóráil salainne a éadáil go díreach lena húsáid ar bhóithre náisiúnta do gheimhreadh 2011/12, i gcomhoibriú le Comhairle Cathrach Phort Láirge, ag gníomhú ar son Chomhlachas na mBainisteoirí Cathrach agus Contae, reáchtáil an tÚdarás creatchomórtas do sholáthar agus do bhulcstóráil salainne don líonra réigiúnach agus áitiúil bóithre. D'éascaigh an socrú stoc-charnadh a dhéanamh ar sholáthairtí salainne roimh ré roimh thús an gheimhridh, gníomh a laghdaigh an baol i leith ganntanais salainne agus a chuir feabhas suntasach ar chumas na n-údarás áitiúil bóithre neamhnáisiúnta a chóireáil, as a bhfuil siad freagrach, le linn tréimhsí dianaimsire.

Chomh maith leis sin, in 2011, sa mhullach ar na deontais bhliantúla chothábhala geimhridh a chuireann an tÚdarás ar fáil d'údaráis áitúla lena gcuid oibríochtaí cóireála a chistiú ar an líonra bóithre náisiúnta, chuir an tÚdarás €8m ar fáil d'údáráis áitiúla le ceannach trealaimh nua a chistiú, ar nós leatóirí salainne agus céachtaí sneachta, mar aon le tógáil sciobóil bhreise stórala salainne. Ag eascairt ó infheistíocht an Údaráis, is ann anois do 326 leatóir salainne atá ar fáil d'údaráis áitiúla mar aon le 272 céachta sneachta. Chuir an infheistíocht seo feabhas suntasach ar chumas athléimneachta le linn an gheimhridh i measc údaráis áitiúla.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Chríochnaigh an tÚdarás anailís mhionsonraithe bhraisle ar imbhuailtí ar an líonra iomlán náisiúnta bóithre in 2011. Tá an anailís seo bunaithe ar shonraí faoi imbhuailtí le trí bliana anuas ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Úsáideadh an fhaisnéis a bailíodh mar phointe tosaigh i mbeartú tosaíochta ár gcláir feabhsúcháin innealtóireachta um shábháilteacht ar bhóithre.

Anuas air sin, tá an tÚdarás bainteach i gClár

trasnáisiúnta Eorpach Taighde ar Shábháilteacht ar Bhóithre (ERA-NET) ar a dtugtar 'Safety at the Heart of Road Design'. Tá an tÚdarás ar ceann de chomhbhunaitheoirí an chláir trí bliana seo, i dteannta 10 dtír eile den AE.

Cabhróidh ceann amháin de na tionscadail – Imscrúduithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre (EuRSI), atá faoi stiúir OÉ, Má Nuad lenár dtuiscint agus lenár n-anailís ar 'chois bóithair mhaite' ('forgiving roadsides').

Leagadh breis cúraimí ar an Údarás trí thrasuíomh na treorach ón AE maidir le Bainistiú Sábháilteachta Bhonneagar an Bhóthair. Téann an treoir i ngleic go príomha le ceithre ghné de shábháilteacht ar bhóithre: Measúnú Bonneagair ar Shábháilteacht ar Bhóithre, atá ina anailís straitéiseach chomparáideach ar an tionchar a bhíonn ag bóthar nua nó ag mórathrú ar an líonra reatha bóithre i dtaca leis an bhfeidhmíocht sábháilteachta; Iniúchadh ar shábháilteacht ar Bhóithre, atá ina sheiceáil neamhspleách mhionsonraithe chórasach agus theicniúil sábháilteachta lena mbaineann saintréithe deartha tionscadal bonneagar bóthair agus a chuimsíonn an uile chéim ó phleanáil go dtí luathoibriú; Bainistiú Sábháilteachta Líonra, atá ina mhodh le stráicí den líonra reatha bóithre ar a dtiteann ardlíon imbhuailtí amach a shainaithint, a anailísiú agus a rangú de réir a bhféidearthachta i leith forbairt sábháilteachta agus coigiltí costais; agus Imscrúduithe Sábháilteachta, atá ina ndearbhú tréimhsiúil de na saintréithe agus de na lochtanna óna dteastaíonn obair chothabhála ar chúiseanna sábháilteachta. Cruthaíonn gach ceann de na ceithre ghné, le chéile, measúnú mionsonraithe ar shábháilteacht ar bhóithre den líonra náisiúnta bóithre agus cabhraíonn siad i bpleanáil cláir agus i leithdháileadh acmhainní.

Rinneadh an treoir a thrasuíomh isteach i ndlí na hÉireann i Meán Fómhair 2011. Bhí go leor gnéithe den treoir seo mar chuid de raon scóipe na sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn ar feadh go leor blianta go nuige seo agus tá treoirlínte á gcur i dtoll a chéile faoi láthair ag an Údarás ar an uile ghné den treoir seo lena gcur faoi bhráid an AE d'fhonn ár ngníomhaíocht sa limistéar seo a dheimhniú.

Sa mhullach ar obair i gComhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa (CEDR), tá an tÚdarás ina gCathaoirleach ar Ghrúpa Teicniúil an CEDR maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Cothaíonn an dlúthchaidreamh oibre comh-mhalairt dea-chleachtais agus foilseoidh Seirbhís Bhóthair Thuaisceart Éireann ('Road Service Northern Ireland') agus an tÚdarás comhathbhreithniú den Chlár um Measúnú ar Bhóithre na hEorpa (EuroRAP) in 2012 ar an líonra bóithre náisiúnta iomlána ar oileán na hÉireann.

Caibidil 2

Cothabháil agus Feabhsúcháin an Líonra

Tosaíochtaí

Tá 5,413km de bhóithre poiblí i gceist leis an líonra bóithre náisiúnta idir bóithre measartha tuaithe carrbhealaigh shingil agus mótarbhealaí gnóthacha. Rinneadh dul chun cinn iontach maidir le huasghrádú a dhéanamh ar an líonra seo le blianta beaga anuas, ach tá go leor den líonra oidhreachtúil fós thíos le brú tráchta agus ní shásaíonn sé na caighdeáin.

Teastaíonn infheistíocht shuntasach bhreise d'fhonn líonra sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil atá in ann freastal ar lasta, ar ghnó agus ar thaisteal sóisialta. Tá laghdú ag teacht ar an leibhéal cistithe ar bhfuil fáil le blianta beaga anuas, ach ina ainneoin sin, bhí breis agus 500 scéim bheag againn in 2011, agus fiú thosaíomar le líon mórscéimeanna a thógáil.

Ar a shon sin, agus aird ar na buiséid laghdaitheacha lena bhfuil coinne sna blianta amach anseo, ní dóchúil go mbeimid in ann mórán mórscéimeanna breise a thógáil idir na blianta 2013 agus 2016.

Mar thoradh air seo, cuireadh an chuid is mó de na scéimeanna atá á bpleanáil siar go dtí go dtiocfaidh feabhas ar chúinsí geilleagracha na tíre.

Is iad tosaíochtaí an Údaráis maidir le hinfheistíocht sa líonra::

Tosaíocht 1 Bainistiú Sócmhainní, Athshlánú an Líonra agus Oibríochtaí an Líonra

Tosaíocht 2 Feabhsúcháin ar Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád, Feabhsúcháin ar Chaolas, Tionscadail Sábháilteachta agus Tionscadail Bhainistithe Tráchta

Tosaíocht 3 Tionscadail Feabhsaithe an Líonra

Beidh an díriú go ceann cúpla bliain eile, dá thoradh sin, ar oibreacha níos lú agus ar ghníomhaíochtaí athnuachana agus cothabhála, agus teastóidh cistiú den earnáil phríobháideach má táthar chun go leor mórscéimeanna a chur chun cinn.

Mórscéimeanna

Tosaíodh le hoibreacha tógála ar shé mhórscéim in 2011, agus leanfaidh siad trí 2012. Seo a leanas iad:

N3	Seachbhóthar Bhéal an Tairbirt, Contae an Chabháin
N4	Scéim Ilairde na nDúnta, Contae na hIarmhí;
N5	Seachbhóthar an Longfoirt, Contae an Longfoirt
N22 / N69	Seachbhóthar Thrá Lí, Contae Chiarraí
N25	Cuarbhóthar Ilairde Theas Chorcaí, Cathair Chorcaí
N52	Idir Droichead na Carraige agus Baile Uí Dhálaigh.

Tosóidh tógáil in 2012 ar na mórscéimeanna a leanas:

N5 Sheachbhóthar Bhealach an Doirín, Contae Ros Comáin, bóthar trasghearrtha charrbhealaigh chaighdeánaigh shingil a ghabhfaidh thart ar bhaile Bhealach an Doirín;

N7 Chrois an Fhearainn Nua, Baile Átha Cliath Theas, lena mbaineann acomhal ilairde a dhéanamh den acomhal ionas gur gluaiseacht saorshreafa iad an uile ghluaiseacht tráchta, gníomh a bhaineann na soilse tráchta ag an acomhal an-ghnóthach seo;

N11 an Inbhir Mhóir-Ráth Naoi, bóthar trasghearrta débhealaigh 16.4km ilairde a chuirfear in ionad an stráice dheireanaigh carrbhealaigh shingil dá bhfuil ann idir Baile Átha Cliath agus Guaire. Tá an stráice atá á ionadú baolach, agus titeann timpistí amach air go rialta, agus sábhálfaidh an t-uasghrádú seo saol daoine mar aon le hamanna agus costais aistir a laghdú.

Comhscéimeanna iad an N11 agus an N7 agus táthar á dtairiscint mar Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí.

De bharr go raibh sé ina dheacracht teacht ar airgeadas den earnáil phríobháideach do mhórscéimeanna le déanaí, ócáid gharsprice a bheidh ann nuair a bhainfear dúnadh airgeadais amach. Tá Seachbhóthar Bhealach an Doirín á thairiscint mar chonradh deartha-tógála.

Mionscéimeanna

Chuir an tÚdarás, i gcomhar le húdaráis, na céadta mionscéim i gcrích in 2011, lenar áiríodhmion-athlíniú, comharthaíocht agus líneáil, feabhsúcháin ar acomhail, ar nós Chrosaire Dharú i gContae Uíbh Fháilí, agus feabhsúcháin mhoillithe tráchta, ar nós Mhainéar Uí Chuinneagáin i gContae Dhún na nGall agus an Fhosaidh i gContae Chiarraí.

Áirítear le clar 2012, tógáil breis agus tríocha feabhsúchán agus athlíniú beag áitúil, a rachaidh i ngleic leis na suíomhanna is measa ar an líonra. Tabharfar roinnt feabhsúcháin áitiúla eile tríd an bpróiseas pleanála d'fhonn go mbeidh siad réidh lena dtógáil nuair a éascóidh an cistiú é seo.

Ina theannta sin, titfidh tógáil roinnt stráicí gearra den bhóthar nua náisiúnta ísealtráchtaden dara grád ar an N56 i nDún na nGall, ar an N59 i Maigh Eo agus ar an N86 i gCiarraí.

Pábháil

Maireann saol oibre na pábhála ar bhóithre náisiúnta idir 7 agus 20 bliain, ag brath ar thosca éagsúla, lena n-áirítear ábhair thógála agus an méid tráchta. Tá sé tábhachtach go ndéantar an phábháil a athnuachan nuair is gá nó déanfar díobháil don bhunsraith atá suite níos doimhne, agus chosnódh seo i bhfad níos mó lena deisiú.

Tugann an tÚdarás faoi chlár suirbhéanna bliantúla ar bhail na pábhála d'fhonn stráicí de phábháil an líonra óna dteastaíonn athshlánú agus pábháil le haghaidh cóireála a shainaithint agus tosaíocht a dhéanamh díobh. Déanann ionstraimíocht uathoibrithe GPS-thagartha paraiméadair ar nós Innill Ghnáthimscrúdaithe Chomhéifeachtaigh Fórsa Chliathánaigh SCRIM) agus doimhneacht uigeachta (a úsáidtear le saintréithe seasmhachta i leith sciorrtha a dheimhniú), fadphróifílí, trasphróifílí agus saintréithe sclaige a dheimhniú. Sa mhullach ar chabhrú i ndeimhniú clár pábhála gach bliana, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i saintréithe foriomlána cáilíocht phábáil líonra ar bhonn leanúnach.

In 2011, fuair an tÚdarás Córas nua Bainistithe Pábhála. Cuirfidh seo bunachar sonraí níos cuimsithí ar fáil de shuirbhéanna bliantúla reatha agus stairiúla ar an líonra agus d'fhardal an líonra mar aon le cabhrú leis an Údarás cláreagrú bliantúil níos fearr a bhaint amach chomh maith le tosaíocht a dhéanamh de chothabháil pábhála agus d'oibreacha athnuachana.

Áireofar le clár oibre 2012 athnuachan pábhála ag breis agus 100 suíomh, agus i roinnt cásanna, beidh oibreahca athlínithe i gceist freisin.

Struchtúir

Is ann do na mílte droichead sa líonra, idir struchtúir den 19ú haois agus droichid nua-aimseartha staghcáblaí. Deartar droichead go struchtúrtha go mairidh siad i bhfad, ach cnaítear comhábhair aonair le himeacht na mblianta, agus teastaíonn athnuachan leanúnach ó ábhair ar nós ábhair uiscedhíonta agus ailt leathnaithe.

Tugann an tÚdarás faoi imscrúdú pleanáilte agus faoi chlár athnuachana don uile struchtúr sa líonra. Áiríodh leis an gclár oibreacha in 2011 ionadú roinnt droichead, leathnú droichead, measúnuithe struchtúrtha, oibreahca treisithe, uiscedhíonadh trasdeic dhroichead, deisiúcháin ar shaoirseacht stuanna, deisiúcháin ar uchtbhallaí agus cur chun críche athphéinteáil Dhroichead Phort Omna ar an N65, agus bhí siad seo uile i gcomhréir leis na tosaíochtaí a sainaithníodh mar thoradh ar imscrúdú leanúnach ar dhroichid agus ar na rátálacha eilimteacha baile a sannadh mar thoradh ar an imscrúdú sin.

I ndiaidh imeachtaí dianaimsire le linn 2011, tugadh faoi imscrúduithe breise agus tugadh deisiúcháin chun críche. Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha roinnt oibreacha páirt-athshlánaithe agus cobhsaithe ar bhunsraitheanna droichead agus i roinnt cásanna, glanadh sruthchúrsaí a bhí blocáilte ag smionagar tar éis tuilte.

Áiríodh le bóithre nua-aimseartha a fhorbairt na céadta droichead iompair agus cuaille ard a bhféadfaidís uile bheith ina gcúis le díobháil agus le bás dá dtitfidís.

Tabharfar na struchtúir seo faoi chuimsiú an imscrúdaithe agus an chláir athnuachana sna blianta amach romhainn.

Tolláin

Tá sa líonra náisiúnta bóithre trí mhórthollán réigiúnacha, tá siad i mBaile Átha Cliath Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Tollán Jack Lynch i gCoracigh agus Tollán Luimnigh. Baineann tábhacht bhonneagrach leo uile ina suíomhanna féin faoi seach, agus rochtain fheabhsaithe á cur ar fáil acu chuig lárionaid uirbeacha réigiúnacha agus amach uathu.

Cuirfear uasghráduithe breise sábháilteachta ar fáil do Thollán Jack Lynch in 2012 d'fhonn na córais agus an trealamh a uasghrádú ar aon dul le Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus le Tollán Luimnigh. Is éard atá i gceist leis seo, go príomha, tíleanna dófhriotaíocha a chosnóidh struchtúr an tolláin sa chás go dtitfidh tine thromchúiseach amach.

Comharthaíocht agus Rianú

Tá Clár Comharthaíochta agus Rianaithe an Údaráis dírithe ar chomharthaíocht nua a chur suas, ar an gcomharthaíocht reatha a uasghrádú agus ar athshlánú línte. Chuir an tÚdarás tús le clár ilbhliantúil feabhsúchán ar chomharthaíocht threoch ar fud an líonra náisiúnta bóithre in 2006/2007. Ón am sin i leith, rinneadh athbhreithniú agus uasghrádú ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht chomharthaíochta treoiche ar bhonn bealach ar bhealach.

Áiríodh leis an gclár soláthar mórmhéid comharthaíocht nua lasnairde droichead iompair agus starrmhaide ar an mótarbhealach mar aon le líonra débhealaigh. Ó 2011 ar aghaidh, cuireadh comharthaí starrmhaide ar fáil ag an uile acomhal ilairde ar an mótarbhealach agus ar an líonra débhealaigh.

Rinneadh Beartas an Údaráis maidir le Soláthar Comharthaíocht Turasóireachta agus Fóillíochta a athbhreithniú agus a leasú go luath in 2011. Áirítear leis an gClár Athchomharthaíochta soláthar nó uasghrádú comharthaíocht bán anuas ar dhonn feadh gach bealaigh. Cuirtear comharthaíocht do thurasóirí ar fáil tar éis dul i gcomhairle fhairsing le Fáilte Éireann agus leis na húdaráis áitiúla.

In 2011, cuireadh uasghráduithe comharthaíochta i gcrích ar 19 mbealach a chuimsíonn thart ar 1,185km de bhóithre náisiúnta. Tá coinne leis go dtabharfar an Clár Athchomharthaíochta chun conchlúid rathúil in 2012 nuair a thabharfar na bealaí atá fágtha chun críche.

Chuir an tÚdarás tús le creatchonradh nua ar an gClár Rianaithe in 2011 agus cuireadh dearthaí chun críche le linn na bliana agus bronnadh conarthaí do naoi mbealach a chuimsíonn thart ar 940km de mhótarbhealach. Ina theannta sin

uile, cuireadh creatchonradh nua i bhfeidhm chun glantachán agus gnáthchothabháil bealaighna comharthaíochta uile um thrácht ar bhóithre a sheachadadh ar fud an líonra náisiúnta bóithre.

Cothabháil

Gach bliain, cuireann an tÚdarás cistiú cothabhála ar fáil d'údaráis áitiúla le tabhairt faoi chothabháil, glanadh bunúsach an líonra, lena n-áirítear deisiúcháin phábhála, glanadh draenála, gearradh ciumhais féir agus fálta. in 2011, chaith an tÚdarás €49 milliún ar chothabháil agus caithfidh siad €42 milliún in 2012.

Glacfaidh an tÚdarás, freisin, le freagracht dhíreach don uile ghníomhaíocht chothabhála agus oibríochtúla ar líonra an mhótarbhealaigh le linn 2012.

Caibidil 3

Pleanáil agus Beartas Straitéiseach

Oibríochtaí agus Cothabháil an Mhótarbhealaigh

Tá oibríochtaí agus cothabháil an mhótarbhealaigh, le hoibreacha faoina dtugtar i dtimpeallacht trácht ardluais agus ardtoirte, an-dúshlánach agus teastaíonn scileanna speisialta uathu. Bhain an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla comhaontú amach go nglacfaidh an tÚdarás, ó 2012 ar aghaidh, le freagracht dhíreach as an uile ghníomhaíocht chothabhála, athnuachana agus oibríochtúil ar an líonra mótarbhealaí.

Tá an tír á roinnt ina trí réigiún ar mhaithe le cúrsaí oibríochtúla de, agus ligfear conradh ilbhliantúil ar leith do gach réigiún. Is éard atá ar intinn acu go ndéanfar líonra iomlán an mhótarbhealaigh – PPP and neamh-PPP a bhainistiú i gcomhréir le caighdeán comhsheasmhach cost-éifeachtúil.

Tá forbairt á déanamh ag an Údarás ar roinnt iostaí do na conraitheoirí, ach murach sin, déanfaidh na conraitheoirí a dtrealamh agus a n-áiseanna féin a sholáthar.

An tSamhail Náisiúnta Iompair

D'aithin an tÚdarás an tábhacht lena mbaineann measúnú níos iomlánaíche a dhéanamh ar conas is fearr measúnacht a dhéanamh ar thionchar tionscnaimh bhonneagar, bheartas iompair agus éilimh ar iompair – ar féidir leo uile ionchar suntasach a imirt ar an éileamh ar thaisteal ar bhóíthre. Eascraíonn an díriú seo as an tuiscint gur fotháirge d'éileamh ar iompar iad tosca comhshaoil lena mbaineann an oiread céanna tábhachta le brú tráchta agus le sábháilteacht ar bhóithre, a bhí ina ndíriú ar feadh go leor blianta de mheasúnú iompair.

Shainaithin an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an riachtanas le Samhail Náisiúnta Iompair (NTpM) a d'fhéadfadh measúnú a dhéanamh ar na tionchair sin in 2009 mar chuid d'fhorbairt straitéise náisiúnta do bhainistiú tráchta. Leagtar amach sa Staidéar ar Bhainistiú Tráchta ar Bhóithre Náisiúnta a foilsíodh in 2011, líon cuspóirí, lena n-áirítear laghduithe ar

ar astuithe déocsaíd charbóin (C02) agus ar thorann lena mbaineann an t-éileamh ar thaisteal. Aithníodh sa staidéar sin nach bhféadfaí an fíorthionchar geilleagrach ar bhearta bainistithe a chainníochtú ach nuair a áireofaí na freagairtí ar éileamh de bhainistiú tráchta, an bainistiú éilimh agus na beartais fhioscacha sa mheasúnú.

Tá praghsáil bóithre agus tograí dolaí ina ngné thábhachtach de straitéisí féideartha bainistithe tráchta amach anseo. Cabhraíonn Samhail Náisiúnta Tráchta a thug an tÚdarás chun críche in 2008 le tuiscint a fháil ar an tionchar féideartha athródaithe lena mbaineann praghsáil bóithre agus/nó tograí dolaí; tugann an NTpM, a cuireadh i gcrích in 2011, áfach, dearcadh níos iomlánaíche den tionchar níos dearfaí a bhaineann le dolaí – is é sin, laghdú ar éileamh, tairbhí astuithe, laghdú ar bhrú tráchta agus tionchar ar iompar poiblí.

Is féidir struchtúr an NTpM a mhiondealú ina cheithre fhoshamhail:

- An tSamhail Iarnróid – An tSamhail Naisiúnta Iarnróid;
- An tSamhail Bhusanna – An tSamhail Naisiúnta Bhusanna;
- An tSamhail Tráchta – An tSamhail Náisiúnta Tráchta (NTM); agus
- An tSamhail Éilimh Athraithigh (VDM).

Léiríonn an NTM, ar an ábhar sin, modúl amháin den NTpM. Rinneadh samhlacha ar leith iompair phoiblí a fhorbairt d'iarnród agus do bhusanna,

rinne an VDM éileamh a leithdháileadh idir na modhanna.

Tá an NTpM fostaithe anois ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir le staidéir phleanála straitéisí, measúnuithe ar an tionchar ar bheartas iompair agus measúnú ar scéimeanna dolaí bóithre. Tá fáil ar an tuarascáil bhailíochtaithe don tsamhail agus d'ábhar eile lena mbaineann samhlú agus tuar iompair ar ár láithreán gréasáin.

Taighde

Leanann Clár Taighde an Údaráis le torthaí an-áisiúla a chur ar fáil, as ar eascair feabhsúcháin agus forbairtí ar ár bhfoláirimh agus ar ár gcleachtais shonracha. Déanann na tionscadail taighde freastal ar ár riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha ghnó lena mbaineann pleanáil, tógáil agus oibriú bóithre náisiúnta.

Bunaíodh an Clár Comhaltacht Taighde in 2007 le taighde a thabhairt chun críche ar leibhéal PhD iardhochtúireachta in ábhair a bhaineann le cuspóirí an Údaráis. In 2011, tugadh na chéad tionscadail chomhaltachta chun deiridh agus cuireadh ceithre thuarascáil fhiúntacha taighde i dtoll a chéile. Ar fhorbairt ábhair fuairmheasctha phábhála do bhóithre na hÉireann a bhí an chéad cheann díobh seo ag taighdeoirí ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus rinneadh an taighde a ionchorprú isteach inár Nóta Eatramhach IAN01/11 ar úsáid ábhair ísealfhuinnimh i bpábhálacha bóthair. Ina theannta sin, rinneadh tionscadal eile comhaltachta, tionscadal iardhochtúireachta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a chríochnú agus tá fáil anois ar an tuarascáil deiridh – Drainage design for national road schemes – sustainable drainage options, mar cháipéis threorach do dhearadh córais ghníomhacha draenála. Anuas air sin, tugadh dhá thionscadal sa bhreis, ar éifeachtacht bhearta maolaithe ialtóg ar bhóithre na hÉireann agus ar fhorbairt réitigh chost-éifeachtúil do thógáil bóithre anuas ar phortaigh i gcríche in 2011.

Tugadh líon tionscadail ghearrthéarmacha chun críche in 2011, lena n-áirítear tionscadal ar inmharthanacht dearadh bóithre, ar phróisis tógála agus chothabhála. Ba é cuspóirí an tionscadail seo taighde tús a chur le bealach níos foirmiúla agus níos infheicthe chun inbhuanaitheacht a ionchorprú i ngnáthaimh ar aon dul le cuspóir straitéiseach an Údaráis chun cur le forbairt inbhuanaithe. Tá an tionscadal bunaithe ar thionscadal na mBóithre Glasa (Green Roads) i Stáit Aontaithe Mheiriceá trí CH2M-Hill agus Ollscoil Washington.

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás tionscadal taighde a choimisiúnú le himscrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag glacadh le teorainn níos airde mheáchain do HGVanna ar ár mbóithre agus ar ár ndroichid. Rinneadh an t-athbhreithniú, ina mbeartaítear chun ualach HGV 6 acastóir a mhéadú ó 44 tonna go dtí 46 tonna, a mholadh de bharr go laghdaíonn sé an líon turas a theastaíonn, go héifeachtach, le hearraí a iompar, gníomh a chruthaíonn barainneacht níos fearr do chuideachtaí tarlaithe agus astuithe carbóin a laghdú i gcomhthráth. Léirigh an taighde go bhfuil tionchar diomaibhseach ag glacadh le feithicil 6 acastóir atá 46 tonna ar meáchan ar ualú droichid agus go laghdófaí díobháil phábhála faoi 30% i gcomparáid leis an gcumraíocht reatha feithicle de 42 tonna ar 5 acastóir. De thairbhe an taighde seo, rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an cinneadh le hollmheáchan feithiclí 6 acastóir a mhéadú chuig 46 tonna agus ollmheáchan feithiclí 5 acastóir a laghdú chuig 40 tonna mar réiteach buan air seo.

Cothaíonn an tÚdarás dlúthnaisc le líon eagraíochtaí idirnáisiúnta agus le rialtais eile bhóithre san Eoraip tríd an CEDR (Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa). Bhíomar gníomhach i dtionscnamh leanúnach an CEDR le cláir chomhoibritheacha thaighde a fhorbairt agus chuireamar bainistiú agus cistiú teicniúil ar fáil don uile chlár taighde go nuige seo. Áiríodh leis seo an clár um Athrú Aeráide, ar cuireadh deireadh leis i mbliana, chomh maith le trí chlár leanúnacha um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus ar Bhainistiú agus Inbhuanaitheacht Sócmhainní. Baineann tábhacht nach beag leis an gclár um Athrú Aeráide don Údarás de bharr go gcuireann sé na huirlisí a theastaíonn le measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe ar an aeráid ar an líonra bóithre

agus le dul i mbun gníomhaíocht cheartaithe tríd an uile chomhábhar de bhainistiú bóithre, lena n-áirítear dearadh, tógáil agus cothabháil. I gcomhthráth, ní mór aird a thabhairt do shábháilteacht agus d'inrochtaineacht, lena chinntiú nach mbaintear d'ionchais na n-úsáideoirí bóithre. Táimid anois ag cur tús le torthaí an taighde seo a chur i bhfeidhm agus tá taighde arna choimisiúnú againn le léarscáileanna tuilte a fhorbairt don líonra bóithre, a thugann chun solais na suíomhanna atá i mbaol tuile anois agus mar thoradh ar chásanna éagsúla um athrú aeráide. Thug tionchar fíorthuilte an gá leis an obair seo chun solais a rabhthas thíos leis ar fud na tíre le blianta beaga anuas.

Ceann de bhuaicphointí na bliana ná gur cuireadh Clár Comhaltacht Taighde an NRA ar an ngearrliosta do Ghradam Chuideachta CPD na Bliana d'Innealtóirí Éireann Cuireadh tús leis an ngradam seo d'fhonn aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí a léirigh cleachtais forbartha leanúnaí gairmiúla (CPD) i measc foirne innealtóireachta a léirigh tairbhí glansoiléire gnó. Cuireadh an Clár Comhaltacht Taighde ar an ngearrliosta de dheasca a éifeachtaí a bhí sé agus costais a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht agus nuálaíocht a spreagadh inár n-oibríochtaí bóthair, ní hamháin laistigh den Údarás ach ar fud an tionscail agus an tsaoil acadúil.

Tá níos mó faisnéise orthu seo agus ar ghníomhaíochtaí taighde eile den NRA ag *www.nra.ie/research*.

Treoirlínte um Measúnú ar Thionscadail

Déanann na Treoirlínte um Measúnú ar Thionscadail (PAG) a eisíodh in 2011 foirne measúnaithe a threorú tríd an bpróiseas lena mbaineann an cháipéisíocht riachtanach a réiteach le tacú leis an lucht déanta cinntí, agus a chinntiú go ndéantar na roghanna is fearr agus go mbaintear amach an luach is fearr ar airgead ar an uile thionscadal náisiúnta bóithre.

Teastaíonn cur chuige disciplínithe ó réiteach torthaí Measúnuithe ar Thionscadail a chinnteoidh go ndéantar measúnú ar an uile thionscadal ar bhealach comhsheasmhach agus daingean. Léirítear sa PAG treoir a leagtar amach i gComhchreat Measúnaithe na Roinne Iompair (Meitheamh 2009) agus i dTreoirlínte Bainistithe Tionscadal an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Rinneadh eisiúint reatha na dtreoirlínte a struchtúrú i sraith 'Aonaid PAG' a chuireann treoir agus comhairle ar fáil ar ghnéithe éagsúla de shamhlú, de mheasúnú agus de thuairisciú. Is féidir féachaint ar Aonaid PAG ar an scáileán nó mar mhalairt air seo, is féidir iad a íoslódáilónár láithreán gréasáin ag *www.nra.ie/Publications/ProjectAppraisal*.

An Comhshaol

Tá ag an Údarás dearadh, tógáil agus treoirlínte cuimsitheacha oibríochtúla leis an tuiscint agus freagairt chuí a chinntiú ar an iomaí dúshlán comhshaoil a bhaineann le tógáil agus oibriú an líonra bóithre náisiúnta. Táthar ag tabhairt faoi obair shuntasach le héifeachtacht bhearta maolaithe a ndeacthas ina mbun roimhe seo, d'fhonn go n-éireoidh níos fearr linn amach anseo.

Bunaithe ar thoradh staidéar taighde iar-EIA (Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol) ar cháilíocht an aeir agus ar thorann, d'fhoilsigh an tÚdarás treoirlínte leasaithe um cháilíocht an aeir agus rinne siad cáipéis nua um dhea-chleachtas torainn a dhréachtú le cur le treoirlínte torainn atá ann cheana féin. Sa mhullach air sin, d'éirigh linn taighde ar dhearthaí inbhuanaithe draenála a thabhairt chun críche in 2011. Ba é cuspóir na hoibre seo scrúdú a dhéanamh ar na roghanna ab oiriúnaí agus ba chost-éifeachtaí um dhearadh draenála do ghnáthóga cosanta (e.g. aolchloch charstaithe), sa chás go mbíonn an t-uiscíoch buncharraige níos so-ghabhálaí do thruailleáin de bharr go bhfuil cosáin nochtaithe ar an dromchla. D'fhonn feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte reatha tírdhreacha, d'fhoilsigh an tÚdarás dréachtcháipéis bhreise treorach a thugann breac-chuntas ar roinnt de na bearta praiticiúla a theastaíonn le fealsúnacht an Údaráis um dhearadh tírdhreacha agus oibreacha tírdhreachaithe a chur i bhfeidhm i gcéimeanna éagsúla de bhainistiú tionscadail náisiúnta bhóithre. Tá an cháipéis seo dírithe ar na feidhmeanna agus ar na freagrachtaí atá ag na comhpháirtithe éagsula ábhartha ag a bhfuil baint le linn na gcéimeanna bainistithe tionscadail, lena n-áirítear: EIA ar an tírdhreach agus saineolaí amhairc; saineolaí éiceolaíochta, Ionadaí na bhFostaithe nó an Údaráis; Conraitheoir nó Cuideachta PPP; Dearthóir; agus, iad siúd atá páirteach i dtabhairt faoi chóireálacha tírdhreacha (e.g. fochonraitheoir tírdhreacha agus soláthróir plandlainne).

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhé um Brath agus Raonáil Solais (LiDAR) in 2010, a lean ar aghaidh isteach in 2011, le samhail tír-raoin dhigitigh a réiteach do na 3,500km de bhóthar náisiúnta a sainaithníodh do léarscáiliú straitéiseach torainn ar bhonn contae ar chontae. Tá sé seo sceidealaithe le bheith tugtha chun críche in 2012 agus cabhróidh sé i bhforbairt samhail réamh-mheasta torainn.

Sa mhullach ar an gcleachtas um learscáiliú straitéiseach torainn a chur chun cinn, leanfaidh an tÚdarás ag oibriú ar staidéir iar-mheasúnaithe EIA in 2012, agus béim nach beag ar thrasrianta sruthchúrsa, tástáil in situ a dhéanamh ar bhacainní torainn agus ar bhearta maolaithe éiceolaíochta.

Seandálaíocht

In 2011, chuir an tÚdarás méid suntasach oibreacha seandálaíochta chun cinn ar bhóithre náisiúnta. Áiríodh leis seo oibreacha suíomh a chur i gcrích ar roinnt scéimeanna, ar nós Sheachbhóthar N22 Thrá Lí agus Sheachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin agus tús a chur le hoibreacha ar thionscadail ar nós Limistéar Seirbhíse M9 Chill

Chuillinn agus Scéim Ilairde N4 na nDúnta atá i ngar don Mhuileann gCearr.

D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le húdaráis áitiúla leis an mbaol seandálaíochta a íoslaghdú ar bhreis agus 60 obair shábháilteachta, mionobair agus scéim dhroichid. Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar thuarascálacha tochailt seandálaíochta ar scéimeanna bóithre náisiúnta, agus rinneadh 94% de na tuarascálacha ar imscrúduithe a chuir faoi bhráid an Údaráis agus na gcomhlachtaí reachtúla oidhreachta cheana féin. Beidh fáil ar na tuarascálacha seo lena n-íoslódáil in 2012.

I rith na bliana, b'ann do scaipeadh leanúnach na dtorthaí seandálaíochta ó scéimeanna bóithre náisiúnta, ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear léachtanna, seimineáir agus foilsiú trí mhonagraf agus an seascú eagrán de *Seanda*, Irisleabhar Seandálaíochta an NRA. I gcomhar le hInstitiúid Seandálaithe na hÉireann, bhí fóram poiblí ar siúl i nGaillimh ar ábhar lenar bhain Seandálaíocht a Chur in Iúl.

D'fhonn comóradh 10 mbliana a cheiliúradh ó ceapadh Seandálaithe Tionscadail le seandálaíocht ar scéimeanna bóithre náisiúnta a bhainistiú, thug an tOllamh Martin Carver (Eagarthóir an irisleabhair *Antiquity* ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta agus Ollamh Emeritus Ollscoil York) léacht bhunphrionsabail. Ag a léacht, leag an tOllamh Carver obair sheandálaíochta an Údaráis laistigh de chomhthéacs domhanda, a léirigh roinnt de na príomhláidreachtaí atá ag cur chuige an NRA, lena n-áirítear "pleanáil agus dearadh ilghuthach, tochailt fhairsing limistéir, anailís dhomhain a chuireann leis an díbhinn taighde, sintéis shamhlaíoch atá cairdiúil le daoine agus foilseacháin thráthúla inrochtana."

Foilsíodh roinnt leabhair nua sheandálaíochta in 2011, lena n-áirítear *In the Lowlands of South Galway,* a shonraigh torthaí na oibre seandálaíochta ar Scéim M18 Órán Mór go dtí an Ghoirt, *Cois Siúire*, a thug cur síos ar thorthaí tochailtí ar Sheachbhóthar N25 Phort Láirge agus *Past Times, Changing Fortunes*, imeachtaí Sheimineár Seandálaíochta Náisiúnta 2010 an NRA. Sa mhullach ar na foilseacháin seo den NRA, thacaigh an tÚdarás le foilsiú dhá leabhar ina sonraítear torthaí oibreacha seandálaíochta ar scéimeanna bóithre náisiúnta: *Archaeological Excavations at Tullahedy County Tipperary: Neolithic settlement in North Munster and Monuments, Memory and Maps: discovering Kilkenny's landscape heritage.*

Bonneagar Leathanbhanda

I ndiaidh gur ritheadh an tAcht um Rialú Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010, caithfidh oibreoirí líonra a thabharfaidh faoi oibreacha bóthair (i.e. oibreacha lena mbaineann bunú, síneadh, ionadú, deisiú, baint agus cothabháil bonneagar cumarsáide leictreonaí faoi thalamh agus an bonneagar fisiciúil lena mbaineann) ar an uile bhóthar náisiúnta iarratais toilithe a thabhairt isteach chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta, seachas chuig an údarás cuí bóithre, faoi mar a bhíodh i gceist roimhe seo. Faoin Acht, ní mór don Údarás dul i gcomhairle leis an údarás/na húdaráis bóithre atá i gceist sula ndéantar cinneadh faoi iarratais toilithe.

Déanann Acht 2010, a dhéanann roinnt leasaithe suntasacha ar an Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, foráil, freisin, do dhéanamh scéimeanna ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta ina leagtar amach beartais an Údaráis i dtaca le (a) úsáid acmhainn na mbóithre faoi thalamh, lena n-áirítear coinníollacha a d'fhéadfaí a ghearradh i dtoiliú, agus (b) athruithe a d'fheadfadh an tÚdarás a chur i bhfeidhm ar oibreoirí líonra d'úsáid duchtanna ar bhóithre náisiúnta. Is féidir na scéimeanna lena mbaineann a fheiceáil/a íoslódáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag *www.nra.ie/roadworks.*

Pleanáil um Úsáid Talún

Tá feidhm reachtúil ag an Údarás i gceisteanna pleanála, agus déantar iarratais áirithe pleanála a chur ar aghaidh chuig an Údarás faoi chúinsí áirithe, amhail a leagtar amach sna rialacháin Pleanála agus Forbartha. Ina theannta sin, tá ag an Údarás feidhm maidir le pleananna forbartha údaráis áitiúil, criosanna forbartha straitéisí agus pleananna bonneagair straitéisigh atá ar an gcuma chéanna.

D'eisigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoirlínte Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta, a léiríonn beartas reatha an Rialtais sa limistéar seo, a théann i ngleic le saincheisteanna ar féidir leo bheith conspóideach, ar nós comharthaíochta agus rochtana ar bhóithre náisiúnta. Déanann na treoirlínte seo, a eisíodh in Eanáir 2012, aon neamhchinnteacht a dhíbirt i leith na mbreithnithe cuí beartais, agus feidhmeanna, faoi seach, na nGníomhaireachtaí éagsúla Stáit atá bainteach, agus tá fáilte mhór chaoin rompu.



Caibidil 4

Faisnéis faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta

Bunú agus Sainchúram

Bunaíodh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta go foirmiúil mar chomhlacht neamhspleách poiblí faoi Acht na mBóithre, 1993. Is é ár mbuntasc soláthar líonra sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a chinntiú (tá feidhmeanna sonracha an Údaráis leagtha amach in Alt 19 den Acht, arna leasú ag Acht na mBóithre, 2007). Go ginearálta, tugann údaráis áitiúla faoi oibreacha um dhearadh, tógáil agus cothabháil bóithre, ar son an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, baill de Bhord an Údaráis, agus aird ar a dtaithí agus ar a n-inniúlacht i limistéir ábhartha, lena n-áirítear bóithre, iompar, tionsclaíocht, cúrsaí tráchtála, airgeadais nó ábhair chomhshaoil.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus mhúinte a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile. Leagtar amach ar ár gCairt Chustaiméirí agus ar an bPlean níomhaíochta do Chustaiméirí sonraí faoi chaighdeáin agus faoin leibhéal seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leis agus iad ag déileáil leis an Údarás. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí lena mbaineann a fháil ag *www.nra.ie*.

An Ghaeilge

Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta do cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, agus rinne siad Ráiteas Beartais a fhoilsiú maidir le hÚsáid na Gaeilge in Eanáir 2010, ar a bhfuil fáil lena fheiceáil/íoslódáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag *www.nra.ie*.

Inrochtaineacht

Tá ag an Údarás Coiste Rochtana i mbun feidhme ar a bhfuil an cúram cinntiú go dtugtar aird iomlán do cheanglais an Achta Míchumais, 2005. D'oibrigh an Coiste an-dícheallach ó bunaíodh é in 2008 lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil fáil ar an uile bheart agus áis chuí do chustaiméirí atá faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachtúil. I measc na mbearta a tugadh isteach tá córas lúb ionduchtaithe le cabhrú do dhaoine lagéisteachta sa láthair fáiltithe agus sa seomra cruinnithe; spásanna páirceála do thiománaithe faoi mhíchumas, láithreán gréasáin an NRA a nuashonrú d'fhonn caighdeáin W3C WAI-AA a chomhlíonadh go hiomlán lena chinntiú go bhfuil an láithreán gréasáin inrochtana do chách agus go bhfoilsítear cáipéisí corparáideacha ar bhealach atá sóiléir agus gan béarlagair a áireamh chomh fada agus is féidir. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint chomhionannas míchumais ar fáil don fhoireann le feasacht ar shaincheisteanna inrochtaineachta do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh ag Comhlachtaí den Earnáil Phoiblí

Mar chuid d'athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid fuinnimh ar thug an earnáil phoiblí faoi, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha mar aon le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) go dtuairiscítear úsáid fuinnmh san fhormáid mholta a leanas agus go rachfar i mbun bearta, mar aon le gníomhaíochtaí beartaithe, i dtreo éifeachtúlachtaí níos fearr fuinnimh sna tuarascálacha bliantúla. Tugann an fhaisnéis a leanas miondealú mionsonraithe ar chomhlíonadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta na hiarrata seo.

Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Úsáid Fuinnimh 2011



Úsáid Iomlán Fuinnimh in 2011
725,882 Kwh

Bearta a ndeacthas ina mbun in 2011 maidir le hÉifeachtúlachtaí Fuinnimh

- Bhunaigh an tÚdarás Coiste Fuinnimh d'fhonn tionscnaimh choigilte fuinnimh a shainaithint agus a chur i bhfeidhm
- Thug an SEAI faoi athbhreithniú ar oifigí an Údaráis in Aibreán 2011 agus rinneadh moltaí do choigiltí fuinnimh. Rinne an Coiste Fuinnimh athbhreithniú ar thograí coigilte fuinnimh mar aon le tosaíocht a dhéanamh díobh agus na moltaí a chur san áireamh.
- Forbraíodh Sonóg Fuinnimh agus is í an tsiombail um choigilt fuinnimh don Údarás.
- Bhunaigh an tÚdarás Clár Deiseanna um choigilt fuinnimh, amhail a mhol an SEAI.
- Tá Comhordaitheoir Fuinnimh ag feidhmiú a d'fhreastail ar Oiliúint ar Mhapáil Fuinnimh ar a raibh an SEAI ina n-óstach.
- D'fhorbair an tÚdarás Beartas Fuinnimh.
- Cuireadh Feachtas um Fheasacht ar Fhuinneamh i bhfeidhm lenar áiríodh cur i láthair don fhoireann maidir le tábhacht coigilt fuinnimh. Áiríodh leis, chomh maith, sraith feachtais phóstaeir leis an bhfoireann a spreagadh chun fuinneamh a chaomhnú agus chun seo a chur in iúl dóibh.
- Chuir an tÚdarás clár um fheasacht ar shoilsiú i bhfeidhm a spreagann an fhoireann chun
- lasca a mhúchadh nuair nach dteastaíonn siad, agus bhain sé seo coigiltí measta 8,025kWh amach.
- Rinneadh spotsoilse halaigine 50W a ionadú ag lampaí LED coigilte fuinnimh, agus bhain seo coigiltí measta 4,000kWh amach.

Bearta a Bheartaítear do 2012 maidir le hÉifeachtúlachtaí Fuinnimh

- Leanúint leis an gClár um Fheasacht ar Fhuinneamh.
- Leanúint leis na moltaí ó athbhreithniú an SEAI a chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí.
- Soilsiú fluaraiseach T8 a ionadú ag feadáin T5, arb ionann seo agus coigilt mheasta 1,053kWh.
- Coigilteoirí Fuinnimh a shannadh ar gach urlár d'fhonn a chinntiú go múchtar soilse.
- Leanfar leis an gClár Deiseanna a nuashonrú agus le smaointí a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.
- Meabhrúchán ríomhghinte le soilse agus trealamh oifige a mhúchadh, ar coigilt mheasta 3,250 kWh é seo.
- Scrúdú a dhéanamh ar thabhairt isteach bhraiteoirí gluaisne sa soilsiú i limistéir choiteann agus i seomraí cruinnithe.

Rialachas Corparáideach

Cuireann an Cód leasaithe Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'eisigh an Roinn Airgeadais athruithe ar an reachtaíocht agus treoirlínte riaracháin a chur i gcuntas ag a bhfuil impleachtaí don chreatlach rialachais do Chomhlachtaí Stáit. Is éard atá i gceist leis an gCód Cleachtais na córais, na struchtúir agus na próisis atá in eagraíocht a bhaineann le déanamh cinntí, freagracht, rialuithe agus iompar san eagraíocht. Tá saincheanglas ar an Údarás, de bhua a reachtaíocht bhunaithe, le feidhmiú i gcomhréir le beartais a d'ordaigh an Rialtas. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an Údarás feidhmiú i gcomhréir le réimse ceanglais reachtúla agus eile lena mbaineann i gcomhthéacs a bhfeidhmeanna éagsúla, ina measc siúd, ceanglais fostóra, údaráis reachtúil agus soláthróir seirbhísí. Ina leith seo, ní mór don Údarás a dhearbhú don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil siad go hiomlán comhlíontach le forálacha an an Chóid leasaithe Chleachtais.

Cheadaigh Bord an Údaráis an an Cód leasaithe Cleachtais um Rialachas an Údaráis um Bóithre Náisiúnta i Márta 2011

Bainistiú Riosca

Tugann an tÚdarás faoi bhainistiú riosca i gcomhréir le caighdeáin rialachais agus freagrachta atá in oiriúint do Ghníomhaireachtaí Stáit. Déantar nuashonrú rialta ar bheartais agus ar phleananna bainistithe riosca an Údaráis.

Iniúchadh agus an Coiste Iniúchta

Tá an tÚdarás faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann Coiste Iniúchta an Údaráis maoirsiú ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus cuireann siad comhairle ar an mBord maidir le hoibriú agus le forbairt na feidhme sin. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile cúig huaire le linn 2011. Leagtar amach i bPlean Iniúchta Inmheánaigh 2011, a cheadaigh an Bord agus ar a ndéanann an Coiste Iniúchta monatóireacht, obair an Iniúchta Inmheánaigh don bhliain, lena n-áirítear:

- Iniúchadh inmheánach – amhail a cheanglaítear i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.
- Athbhreithniú seachtrach – tabhairt faoi athbhreithnithe ar leibhéal an údaráis áitiúil le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Údaráis um íocaíocht deontais náisiúnta bóithre.
- Iniúchadh AE – tabhairt faoi obair iniúchta ar leibhéal an údaráis áitiúil mar chuid den réiteach agus den dearbhú d'éilimh ar dheontais AE i ndáil le tionscadail bhóithre náisiúnta.

Ina theannta sin, tá ceanglas ar an Údarás tabhairt faoi obair maidir le cláir/tionscadail chomh-mhaoinithe AE. Ní mór don phlean bheith solúbtha a dhóthain le freastal ar shannadh eile, is féidir a shocrú gan móran fógra.

Freastal Bhaill de Bhord an NRA ar Chruinnithe an Bhoird in 2011
Tháinig an Bord le chéile 11 uair

Ball den Bhord	Líon na gCruinnithe i dTeideal Freastal orthu	Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu	Nóta
Peter Malone (Cathaoirleach)	11	11	
Fred Barry (POF)	11	11	
Eddie Breen	4	3	Téarma arna chríochnú an 21 Aibreán 2011
Eric Fleming	11	10	Téarma arna chríochnú an 14 Nollaig 2011
Eugene Moore	4	3	D'éirigh as an mBord an 15 Aibreán 2011
Colm Lonergan	11	8	Téarma arna chríochnú an 14 Nollaig 2011
Clifford Kelly	11	10	
Anne Butler	11	11	
Margaret O'Mahony	11	5	
Jaqueline Cross	11	9	
Robert Rowan	11	10	
James Donlon	8	8	Ceaptha leis an mBord an 8 Márta 2011
David O'Connor	5	4	Ceaptha leis an mBord an 27 Meitheamh 2011
Declan J Walsh	1	1	Ceaptha leis an mBord an 9 Samhain 2011

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998 faoi ordú Aire ar 4 Meitheamh 1997. Tagann an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta faoi scáth an Achta. Seo a leanas tuairisc ar chleachtais íocaíochta an Údaráis i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2011 de réir mar a éilítear in Alt 12 den Acht.

Tá de pholasaí ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta cinntiú go n-íoctar gach sonrasc éilimh go pras. Tá córais agus nósanna imeachta ar leith curtha ar bun ionas gur féidir gach sonrasc a leanúint agus d'fhonn a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta atá dlite. Logáiltear sonraisc gach lá agus tugtar fúthu ar bhonn córais d'fhonn cinntiú go ndeimhnítear iad agus go gcuirtear ar aghaidh iad chun a n-íoctha gan mhoill. Déantar íocaíochtaí de réir mar is gá d'fhonn íoc pras a chinntiú.

Tá na rialuithe sin leagtha amach d'fhonn cinnteacht réasúnta, seachas lánchinnteacht, a thabhairt nach dtarlóidh neamh-chomhlíonadh ábharach maidir leis an Acht.

I rith na bliana atá faoi chaibidil íocaíodh cuntais uile an Údaráis in am, eadhon, taobh istigh de na teorainneacha ama a shonraítear san Acht, agus dá réir sin, ní raibh aon ús le híoc.

Fred Barry — Príomhfheidhmeannach

19 Nollaig 2011

Ráitis airgeadais

Bliain chríochnaithe 31ú Nollaig 2011

Tuairisc Ard-reachtóirí agus an tArd-Iniúchóra 21

Ráiteas Freagrachtaí an Údarás 22

Ráiteas ar Rialú inmheánach airgeadais 23

Polasaithe Cuntasaíochta 24

Cuntais Ioncaim agus Caiteachais

- Forbairt agus Cothabháil Bóithre 25
- Riarachán 26

Ráiteas aitheanta iomlán Gnóthacháin agus Caillteanais 27

Clár Comhardaithe 28

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 29

Nótaí chuig na Ráitis Airgeadais 30

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoi Acht na mBóithre 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, rudaí a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, na polasaithe cuntasaíochta, cuntas ioncaim agus caiteachais forbairt agus cothabháil bóithre, an cuntas ioncaim agus caiteachais riarachán, an ráiteas gnóthachan agus caillteanas aitheanta Iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhu ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdaráis freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dheánamh do bhreithnuithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

Scóp Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

• cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an tÚdarás, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad

• réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

• cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Údarás ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údaráis. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair lena dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

• mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

• má thugann m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó

• mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó

• má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
21 ú Nollaig 2012

RÁITEAS DE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Faoi Alt 5 (2) den Tríú Sceideal de hAcht na mBóithre, 1993, tá dualgas ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta (an t-Údarás) ráitis airgeadais a hullmhú i gcaoi a bhadh siad in ann a bheith formheasta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead ón Aire Caiteachais Phóiblí agus Athchóirithe.

Nuair atá an Údarás ag ullmhú na ráitis airgeadais seo, ní mór don Údarás:

- Polasaithe cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;

  A chinntiú go mbaineann réasúnaíocht agus ciall le haon breithiúnas nó meastachán a déantar ;

- A shonrú ar leanadh caighdeáin cuntasaíochta inabhartha, maidir le haon imeachtaí ábhartha a tháinig chun solais agus mínithe sna ráitis airgeadais; agus

- Na ráitis airgeadais a hullmhú ar an mbunús gnóthais leantaigh nuna bhfuil sé míoiriúnach a ghlacadh go leanfaidh an t-Údarás ar aghaidh ag oibriú.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntas chruinn a choineál a thaispeánann le cruinneas réasúnta, aon am, staid airgeadais an Údarais agus a ligeann don Údarás go bhfuil na ráitis airgeadais in oiriúint le hAlt 5 den Tríú Sceideal an Achta. Tá freagracht ar an Údarás a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois nó aon mírialtachais eile a sheachaint agus a bhrath.

Thar ceann an Údaráis:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

19 Nollaig 2012

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht don Chóras Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bord an Údaráis, glacaim le freagracht le cinntiú go gcuirtear córas ar rialú inmheánach airgeadais éifeachtach i bhfeidhm go leanúnach.

Ní féidir leis an gcóras urrús iomlán a chur ar fáil, ach urrús réasúnta, go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear idirbhearta go hoiriúnach agus go gcuirtear iad i dtaifead agus go seachnaítear botúín nó neamhrialtachtáil nó go brathtar iad in am.

Príomh-nósanna Imeachta

Tá céimeanna tótha ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí:

- cód cleachtais a ghlacadh do rialachas an Údaráis;
- cultúr láidir cuntasachta a chothú ar fud na heagraíochta;
- ag cinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh riachtanais a bhaineann leis an ndearbhú leas a shoilítear sna hEiticí in Achtanna Oifige Phoiblí agus cuid 40 de hAcht na mBóithre 1993;
- cruinnithe bord a chur ar siúl go rialta; agus
- Coiste Iniúchta a bhunadh chun monatóireacht a dhéanamh ar eagraíochtaí.

Rinne an t-Údarás measúnú riosca foirmeálta chun na príomh-rioscanna a bhí os comhair na heagraíochta a shoiléiriú. Ullmhaíodh clár de rioscanna corporáideacha agus cheadaigh an Bord polasaí de bhainistíocht riosca. D'athbhreithnigh an t-Údarás go cruinn an creat atá acu faoi láthair de bhainistíocht riosca le linn 2010.

Tá an córas rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar fhramú d'eolais bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin agus san áireamh deighilt dualgais agus córas toscaireachta agus cuntasachta. Go háirithe, tá na pointí a leanas san áireamh:

- Córas buiséid cuimsitheach atá socruithe agus athbhreithnithe ag an mBord;
- Sannadh ar fhreagrachtaí airgeadais agus cuntasacht ag leibhéal bainistíochta;
- Athbhreithniú rialta ó bhainistíocht shinsearach agus an Bord tuairiscí tréimhsiúla agus tuairiscí bhliantúla airgeadais a thaispeánann feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséid ;
- ag gearradh siar ar chead íocaíocht amach d'airgead do dhaoine ceadaithe;
- córais curtha i bhfeidhm a chinntíonn sláine córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide;
- córais airgeadais ríomhairithe agus san áireamh cuntasaíocht, párolla, éilimh caiteachais agus clár sócmhainní sheasta; agus
- polasaí soiléir ar sholáthar

Tá feidhm Iniúchadh Inmheánach ag an Údarás a hoibríonn leis an bhframú den Chód na gCleachtais is fear atá leagtha amach i gCód Cleachtais do Rialachán na gComhlachtaí Stáit d'obair iniúchadh inmheánach. Léirítear an riosca atá os comhair na comhlachta trí anailís.

Tá monatóireacht an Bhoird agus athbhreithniú ar éifeachtachtaí an chórais do rialú inmheánach airgeadais ag fáil eolais ó obair an iniúchta inmheánach, an Coiste Iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar an Iniúchadh Inmheánach. An fhoireann Fheidhmeach taoh istigh den Údarás le freagracht ar an bhforbairt agus cothabháil den fhramú smachta airgeadais; agus ráitis tugtha ag an Ard-reachtaire agus an t-Ard-Iniúchóir ina litir bhainistíochta ná tuairiscí eile.

Athbhreithniú bhliantiúil ar Rialuithe

Dearbhaím gur rinne an Coiste Iniúchta thar ceann an Bhoird, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialuithe inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Peter Malone Cathaoirleach

19 Nollaig 2012

POLASAITHE CUNTASÍOCHTA

1 Ginearálta

Bunaíodh an t-Údarás go foirmeálta mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoi hAcht na mBóithre, 1993, le cur i bhfeidhm ar an 1ú Eanair 1994. Is é príomhfheidhm an Údaráis, faoi chuid 17 de hAcht na mBóithre, ná a chinntiú go bhfuil soláthar ar chóras na mBóithre Náisiúnta éifeachtach agus slán.

2 Bunús Ullmhucháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhunús fabhraithe ach i gcás faoi bhun, faoin gcostas coinbhunsiún stairiúil. Beidh sé de réir dhlí infheidhme agus caighdeáin cuntasaíochta eisithe ag an mBord caighdeáin cuntasaíóchta agus fógartha ag Cuntasóirí Deimhnithe na hÉireann (cleachtas atá glactha go ginearálta in Éirinn). Tá na ráitis airgeadais i bhformáid ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta, agus Spóirt le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3 Deontais Stáit

Is frithchaitheamh iad an na deontais stáit ar an méid atá faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain.

4 Aisíocaíochtaí Deontais

Is frithchaitheamh iad na haisíocaíochtaí Deontais ar an méid atá faighte ón Údarás Áitiúil sa bhliain.

5 Ioncam Dola

Is frithchaitheamh é ioncam dola ar airgead faighte, glanmhéid íocaíochtaí idir-oibritheachta agus táillí agus CBL, i leith dol bailithe

6 Caiteachais Deontais Bóithre

Is deontais a íocadh sa hliain iad na figiúirí a taispeántar

7 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phóiblí

Chuaigh an t-Údarás isteach i gcúpla conradh comhpháirtíochta Phríobháideacha Phóiblí faoina ndéanann é ranníocaí do thógáil bóithre agus costais oibriúcháin. Faoi na conraidh seo, d'fhéadfadh an t-Údarás a bheith I dteideal ruda cuid den iocam tuillte ag an oibreoir Bóthair. Pléitear na ranníocaí mar chaiteachais sna blianta ina bhfuil siad dlite. Athnaítear scaireanna ioncaim sna blianta a faightear iad. .

8 Sócmhainní Seasta Inláimsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ag costas níos lú ná dímheasa carntha. Tugtar dímheas ar bhunús line dhíreach ag na rátaí luaite faoi bhun. Tugtar meastachán go laghdóidh na rátaí na sócmhainní síos go dtí a glanluachanna inréadaithe ag deireadh a saoil:

Troscán, Daingeáin agus Feistis	**10%**
Fearas (Gan fearas ríomhaireachta)	**15%**
Fearas Ríomhaireachta	**25%**

9 Stoic

Tá intomhaltaí díscríofa sa bhliain a ceannaítear iad.

10 Aoisliúntas

Tá scéim pinsin sochair sainmhínithe go soiléir I bhfeidhm ag an údarás. Maoinaítear é go bliantiúil ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear ó hairgead ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaí bainte as tuarastail foirne. Déantar toise ar dlíteanais scéimeanna pinsin ar bhunús achtúireach ag úsáid modh an n-aonad réamh-mheasta. Is frithchaitheamh iad na Costais Pinsin ar leasa pinsin tuillte ag oibrithe sa thréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaí na pinsin foirne a choimeádann an t-Údarás. Athnaítear an méid a bhaineann leis an dtáille pinsin mar ioncam go dtí go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais faighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh. Athnaítear gnótháin agus caillteanais achtúireacha a tharlaíonn mar gheall ar athraithe I tuisceana achtúireacha agus ó thaithí barrachais agus easnaimh I Ráiteas iomlán Gnótháin agus Caillteanais don bhliain a tharlaíonn siad. Athnaítear athrú comhfhreagrach sa mhéid inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

11 Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don mhéid ioncaim gan amúchadh le sócmhainní seasta a cheannach.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS UM FHORBAIRT AGUS COTHABHÁLA BÓITHRE DON BHLIAIN CHRÍOCHNAITHE 31Ú NOLLAIG 2011

		2011	2010
Ioncam			
	Nóta	**€**	**€**
Deontais Stáit:			
Tógáil agus dul chun cinn ar bhóithre	1	674,000,000	1,114,000,000
Tógáil agus feabhsú bóithre Reigiúnacha agus Áitiúla	1	343,000,000	300,000,000
Cothabháil agus bainistíocht Bóithre Náisiúnta	1	48,900,000	52,325,000
Cothabháil agus bainistíocht Bóithre Reigiúnacha agus Áitiúla	1	109,643,656	111,374,128
Oibriúcháin Comhpháirtíocht Phoiblí Phríoháideach	1	81,341,624	43,178,000
Aisíocachtaí Deontais	2	3,960,259	9,673,348
Ioncam Dola	3	97,803,747	104,059,407
Fáltais éagsúla	4	1,785,302	687,682
		1,360,434,588	1,735,297,565
Aistriú go Cuntas Caipitil	5	(185,000)	(2,195,559)
		1,360,249,588	1,733,102,006
Caiteachais			
Tógáil agus feabhsú bóithre	17(a)	865,326,530	1,187,811,858
Cothabháil agus bainistíocht bóithre	17(b)	161,284,284	164,443,219
Comhpháirtíocht Phóiblí Phríobháideach agus Dol	18	344,202,739	377,706,287
Easnamh ar dhiúscairt de Shócmhainní Seasta		584,997	0
		1,371,398,550	1,729,961,364
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		(11,148,962)	3,140,642
Barrachas / (Easnamh) ag Tús na Bliana		2,768,687	(371,955)
(Easnamh) / Barrachas ag Deireadh na Bliana		(8,380,275)	2,768,687

Tá Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais a leanas:

Thar ceann an Údaráis:

Cathaoirleach

Príomhfheidhmeannach

19 Nollaig 2012

RIARACHAN
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
BLIAIN CHRÍOCHNAITHE 31U NOLLAIG 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam			
Deontais Stáit		13,748,000	14,548,000
Glanmhéid Cistiú iarchurtha don Phinsin	8(c)	3,375,311	3,190,252
Fáltais Éagsúla	4	150,725	155,747
		17,274,036	17,893,999
Aistriú ó Chuntas Caipitil	5	296,939	326,824
		17,570,975	18,220,823
Caiteachais			
Tuarastail agus ÁSPC	6	9,584,294	10,121,910
Costais Pinsin	8(a)	4,021,534	4,088,244
Taisteal		509,917	564,929
Costais Riaracháin Eile	9	913,323	1,011,164
Costais Lóistín	10	1,797,693	1,825,535
Dímheas	11	448,797	451,910
Táillí agus Costais na Stiúrthóirí	7	78,504	79,809
		17,354,062	18,143,501
Barrachas don Bhliain		216,913	77,322
Barrachas ag Tús na Bliana		213,937	136,615
Barrachas ag Deireadh na Bliana		430,850	213,937

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas Sreahadh Airgid agus Nótaí 1-19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais a leanas.

Thar ceann an Údaráis:

Peter Malone Cathaoirleach

Fred Barry Príomhfheidhmeannach

19 Nollaig 2012

RÁITEAS DE GHNÓTACHHÁIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN
DON BHLIAIN CHRÍOCHNAITHE 31 NOLLAIG 2011

	Nóta	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain					
- Forbairt agus Cothaháil Bóithre			(11,148,962)		3,140,642
- Riarachán			216,913		77,322
Gnóthacháin Taithí ar Dliteanais Scéimeanna Pinsin	8(d)	2,235,311		4,765,252	
Athruithe Bon Tuisceanna faoi Luach Láithreach Ar Dliteanais Scéimeanna Pinsin	8(d)	(5,208,000)		(2,275,000)	
(Caillteanais)/Gnóthacháin achtúireacha ar Dliteanais Pinsin	8(b)	(2,972,689)		2,490,252	
Athrú ar Chistiú Pinsin Iarchurtha		2,972,689	0	(2,490,252)	0
(Caillteanais) /Gnóthacháin iomlán Aitheanta don Bhliain			(10,932,049)		3,217,964

Gluaiseacht i gCuntais Ioncaim agus Caiteachais

	2011 €	2010 €
Cuntais Ioncaim agus Caillteanais ar an 1ú Eanair	2,982,624	(235,340)
(Caillteanas) / Gnóthacháin Iomlán Aitheanta don Bhliain	(10,932,049)	3,217,964
Cuntais Ioncaim agus Caiteachais ar an 31ú Nollaig	(7,949,425)	2,982,624

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1-19 mar chuid de na Ráitis Airgeadais a leanas:

Thar ceann an Údaráis:

Peter Malone Cathaoirleach

Fred Barry Príomhfheidhmeannach

19 Nollaig 2012

CLÁR COMHARDAITHE
AR AN 31 NOLLAIG 2011

Sócmhainní Seasta	Nóta	2011 €	2011 €	2010 €	2010 €
Sócmhainní Inláimhsithe	11		3,542,321		3,654,260
Sócmhainní Láithreacha					
Féichiúnaithe agus Aisíochtaí	12	2,846,751		20,259,575	
Airgead ar Fáil agus sa Bhanc		2,675,729		351,741	
		5,522,480		20,611,316	
Lúide Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe: Méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin	13	(13,471,905)		(17,628,692)	
Glanmhéid (Dliteanais)/Sócmhainní Reatha			(7,949,425)		2,982,624
Sócmhainní Iomlán Dlite Dliteanais Reatha roimh Pinsin			(4,407,104)		6,636,884
Glanmhéid Dliteanais Pinsin	8(b)		(55,961,000)		(49,613,000)
Cistiú Pinsin Iarchurtha	8(c)		55,961,000		49,613,000
